Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Meitheamh 2020**
**(OR. en, de)**

**9133/20**

**ENER 217**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 25 Meitheamh 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8382/2/20 REV 2 |
| Ábhar: | CONCLÚIDÍ maidir leis an bhfreagairt ar phaindéim COVID-19 in earnáil fuinnimh an Aontais - an bóthar i dtreo téarnaimh<br>- Conclúidí ón gComhairle (25 Meitheamh 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir leis an bhfreagairt ar phaindéim COVID-19 in earnáil fuinnimh an Aontais – an bóthar i dtreo téarnaimh, a d'fhormheas Comhairle an Aontais Eorpaigh trí nós imeachta i scríbhinn an 25 Meitheamh 2020.

Na ráitis a rinne Málta; agus an Ghearmáin, an Bheilg, an Ungáir, Poblacht na Seice, atáirgtear iad Iarscríbhinn I a ghabhann leis an doiciméad seo.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

### maidir leis an bhfreagairt ar phaindéim COVID-19 in earnáil fuinnimh an Aontais - bóthar i dtreo téarnaimh

1. Á THABHAIRT DÁ hAIRE DI gur tháinig comhaltaí na Comhairle Eorpaí ar chomhthuiscint ar an bhfíschomhdháil a tionóladh an 23 Aibreán 2020[1] go n-oibreoidís ar chiste téarnaimh sonrach a bheidh tiomnaithe do ghéarchéim COVID-19 agus a bheidh dírithe ar na hearnálacha agus ar na páirteanna geografacha den Eoraip is mó atá buailte.

2. Á MHEABHRÚ DI na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 12 Nollaig 2019[2], maidir leis an gcuspóir Aontas aeráidneodrach a bheith ann faoi 2050, i gcomhréir le Comhaontú Pháras.

3. Á MHEABHRÚ DI na conclúidí ón gComhairle maidir le todhchaí na gcóras fuinnimh san Aontas Fuinnimh chun an t-aistriú fuinnimh a áirithiú agus chun cuspóirí fuinnimh agus aeráide as seo go 2030 agus dá éis a bhaint amach[3].

4. Á THABHAIRT DÁ hAIRE DI na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Taidhleoireacht Aeráide[4].

---

[1] https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2020/04/23/conclusions-by-president-charles-michel-following-the-video-conference-with-members-of-the-european-council-on-23-april-2020/
[2] EUCO 29/19
[3] 10592/19
[4] 5033/20

5. Á THABHAIRT DÁ hAIRE DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2020 maidir le "Uain na hEorpa: Deisiú agus ullmhú don chéad ghlúin eile"[5].

6. Á MHEABHRÚ DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[6] agus an 14 Eanáir 2020 maidir leis an bPlean Infheistíochta d'Eoraip Inbhuanaithe agus Plean Infheistíochta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip[7].

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

7. Thar aon ní eile, IS MÓR AICI an fhoireann san earnáil fuinnimh agus a n-iarrachtaí dícheallacha agus éifeachtacha chun feidhmiú leanúnach chóras fuinnimh na hEorpa a áirithiú le linn phaindéim COVID-19.

***Ullmhacht***

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI athléimneacht chóras fuinnimh na hEorpa a sheachain aon chur isteach ar an soláthar agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur toradh í an athléimneacht sin ar bhearta láidre ullmhachta; agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE a mhéad a chuireann an margadh inmheánach fuinnimh leis an athléimneacht sin; mar sin féin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur gá fanacht ar an airdeall chun a áirithiú go mbeidh na córais fuinnimh fós iontaofa i gcás géarchéim fhada.

9. MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá an tslándáil fuinnimh d'fheidhmiú na seirbhísí riachtanacha agus na sochaí i gcoitinne agus CUIREANN SÍ I dTREIS an gá atá le hiarrachtaí leanúnacha chun slándáil fuinnimh an Aontais a neartú.

[5] COM(2020) 456 final
[6] COM(2019) 640 final
[7] COM(2020) 21 final

10. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá don Aontas leanúint dá iarrachtaí an tsábháilteacht núicléach agus caighdeáin chomhshaoil a fheabhsú i dtríú tíortha comharsanacha.

11. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le soghluaisteacht trasteorann gan bhriseadh i gcás oibrithe fuinnimh riachtanacha agus le slabhraí iontaofa trealaimh chun bonneagar ríthábhachtach fuinnimh a chothabháil agus a oibriú, tionscadail fuinnimh a thógáil agus athléimneacht an chórais fuinnimh a chaomhnú.

12. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé faisnéis a mhalartú agus eolas a roinnt chun leanúnachas na n-oibríochtaí a áirithiú agus sláinte agus sábháilteacht na saoránach uile á gcosaint ag an am céanna. IS DÍOL SÁSAIMH DI sa chomhthéacs sin na hiarrachtaí comhordúcháin a rinneadh le déanaí sna Grúpaí Leictreachais, Gáis agus Ola agus sa Ghrúpa Eorpach Rialaitheoirí um Shábháilteacht Núicléach (ENSREG). TUGANN SÍ DÁ hAIRE éifeachtacht na gcomhlachtaí comhordúcháin seo agus MOLANN SÍ go ndéanfaí dea-chleachtais a shainaithnítear a roinnt a thuilleadh.

***Bóthar i dtreo téarnaimh***

13. CUIREANN SÍ I dTREIS ról ríthábhachtach na n-earnálacha fuinnimh i dtéarnamh eacnamaíoch an Aontais. Is deis mhór é an claochlú eacnamaíoch is gá i dtreo an fháis inbhuanaithe agus na haeráidneodrachta, ag tógáil ar an gComhaontú Glas don Eoraip, chun borradh a chur faoi gheilleagair na mBallstát agus chun úsáid breoslaí iontaise a laghdú de réir a chéile agus ceannaireacht na hEorpa a chur chun cinn a thuilleadh maidir le teicneolaíochtaí ísealcharbóin sábháilte inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur in úsáid ar bhealach costéifeachtach agus urraim á tabhairt do cheart an Bhallstáit a meascán fuinnimh agus teicneolaíochtaí iomchuí a roghnú. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go gcaithfidh geilleagar na hEorpa a bheith níos glaise, níos ciorclaí agus níos digití agus a bheith fós iomaíoch ar fud an domhain.

14. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé tús áite a thabhairt don éifeachtúlacht fuinnimh chun an téarnamh eacnamaíoch a fheabhsú.

15. ADMHAÍONN SÍ an obair leanúnach atá á déanamh ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta ar théarnamh eacnamaíoch, agus an gá atá le tionscnaimh chun tacú le plean téarnaimh láidir, i dtreo córas fuinnimh atá inacmhainne, sábháilte, iomaíoch, slán agus inbhuanaithe.

16. MEASANN SÍ go bhfuil sí tábhachtach sna cúinsí reatha cuíchóiriú a dhéanamh ar na rialacha maidir le státchabhair do chosaint an chomhshaoil agus d'fhuinneamh chun tacaíocht a éascú do na hinfheistíochtaí is gá don aistriú fuinnimh.

17. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go mbeidh gá le hinfheistíochtaí san earnáil fuinnimh, go háirithe in éifeachtúlacht fuinnimh (lena n-áirítear foirgnimh agus córais téimh agus fuaraithe a athchóiriú), fuinneamh inathnuaite, (lena n-áirítear amach ón gcósta), comhtháthú na gcóras fuinnimh, stóráil fuinnimh, leictriú, idirnaisc thrasteorann agus digiteáil agus chun tionscadail thábhachtacha bonneagair fuinnimh a chríochnú a bhfuil sé i gceist leo go gcabhróidís leis an Aontas a bheartas fuinnimh agus a chuspóirí aeráide a bhaint amach.

18. CUIREANN SÍ I dTREIS an ról lárnach atá ag na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide i ndáil leis an téarnamh eacnamaíoch agus tús áite a thabhairt do na hinfheistíochtaí is gá amach anseo chun an sprioc aeráidneodrachta a bhaint amach. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an gá atá le breis dreasachtaí agus le cothrom na Féinne le haghaidh infheistíochtaí dícharbónaithe amach anseo, lena n-áirítear trí fheidhmiú agus feabhsú leanúnach mhargadh carbóin an Aontais agus sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha á fhorbairt ar bhealach atá i gcomhréir le EDT ag an am céanna.

19. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint dá chuid oibre i gcomhar leis na Ballstáit maidir leis na tionscnaimh atá beartaithe faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus a Phlean Infheistíochta, amhail an Rabharta Athchóirithe, Straitéis an Aontais maidir le Comhtháthú Córais Fuinnimh, an Straitéis Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta, an t-athbhreithniú ar an Rialachán maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh ("TEN-E") agus an Sásra Maoiniúcháin don Fhuinneamh In-athnuaite.

20. ADMHAÍONN SÍ go bhféadfadh an rabharta athchóirithe cur go mór leis an téarnamh eacnamaíoch agus AITHNÍONN SÍ a bhféadfaí a bhaint amach le hathchóiriú foirgneamh ar mhaithe le héifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid foinsí inathnuaite áitiúla. SAINAITHNÍONN SÍ an gá atá le bearta náisiúnta a chomhordú agus dea-chleachtais a mhalartú chun dlús a chur le hathchóiriú fuinnimh agus le forbairt teicneolaíochtaí, chomh maith le rochtain ar mhaoiniú áitiúil a fheabhsú agus an lucht saothair oilte is gá chun borradh a chur faoi athchóirithe a mhéadú. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh maidir leis an rabharta athchóirithe trí athchóiriú, digiteáil agus feabhas a chur ar chórais téimh agus fuaraithe ceantair a spreagadh.

21. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an gá atá le dreasachtaí leordhóthanacha le haghaidh athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh agus CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé tacaíocht a thabhairt do shaoránaigh agus do phobail áitiúla agus iad a spreagadh chun gnímh agus leanúint de bhéim a chur ar aistriú inacmhainne agus cóir agus an gá atá le tacaíocht a thabhairt d'fhiontair agus do réigiúin chomh maith le haghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh trí thomhaltóirí leochaileacha a chosaint.

22. ADMHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé go mbeadh Straitéis an Aontais maidir le Comhtháthú na gCóras Fuinnimh i gcroílár théarnamh eacnamaíoch na hEorpa agus é mar aidhm aici na naisc is gá a neartú idir earnálacha éagsúla de chóras fuinnimh an Aontais. Ar an gcaoi sin beidh sí ina conair inbhuanaithe agus chostéifeachtach i dtreo an dícharbónaithe, trí thomhaltóirí an Aontais a chumhachtú a thuilleadh agus tuilleadh tacaíochta a thabhairt dóibh chun rannpháirt ghníomhach a ghlacadh sa mhargadh fuinnimh, chun a dtomhaltas fuinnimh a laghdú. Ba cheart tús áite a thabhairt inti don éifeachtúlacht fuinnimh agus an leictriú a mhéadú, i gcás ina mbeidh sé indéanta go teicniúil agus ina mbeidh sé costéifeachtach. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sí tacú le ceannaireacht an Aontais sa nuálaíocht agus i bhforbairt samhlacha nua gnó agus teicneolaíochtaí nua agus iompróirí fuinnimh amhail hidrigin. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún plean gníomhaíochta agus treochlár maidir le hidrigin a thíolacadh ina leagfar béim ar hidrigin inathnuaite chun cur leis an aistriú fuinnimh.

23. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhféadfaí, le cur chuige straitéiseach maidir le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta, infheistíochtaí san earnáil sin a spreagadh, earnáil ina bhfuil acmhainneacht thábhachtach sin maidir le fás agus poist atá inbhuanaithe agus cuimsitheach a chruthú. Ba cheart leis an Straitéis Fuinnimh Inathnuaite Amach ón gCósta aghaidh a thabhairt ar dheiseanna agus ar dhúshláin, eangacha agus margaí fuinnimh a fhorbairt, spás agus acmhainní muirí a bhainistiú, chomh maith leis an mbeartas tionsclaíoch, gnéithe den chomhtháthú Eorpach agus den gheilleagar chiorclach agus ar an gcaoi sin bonn a chur ar fáil do chreat cumasúcháin de chuid an Aontais d'fhuinneamh inathnuaite amach ón gcósta.

24. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá teicneolaíochtaí nuálacha don téarnamh eacnamaíoch, don iomaíochas agus don dícharbónú.

25. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé slabhraí luacha a chaomhnú agus a fheabhsú san Aontas, lena n-áirítear athnuaiteáin.

26. I bhfianaise an athbhreithnithe atá á dhéanamh faoi láthair ar chlár oibre 2020 mar gheall ar thionchar phaindéim COVID-19 MOLANN SÍ don Choimisiún a amchlár uaillmhianach a choinneáil do na tionscnaimh thuasluaite.

**IARSCRÍBHINN I**

## RÁITEAS Ó MHÁLTA

Go ginearálta, aontaíonn Málta leis na Conclúidí ón gComhairle. Tá rún daingean againn ár ndícheall a dhéanamh aistriú fuinnimh a áirithiú agus na cuspóirí fuinnimh agus aeráide as seo go 2030 agus dá éis a bhaint amach. Sin ráite, ba mhian linn freisin, ár ráiteas ar an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha a chur chun tosaigh, ráiteas a scaipeamar roimh an chruinniú an lae inniu. Cuireann Málta i dtreis gur gá measúnú tionchair a bheith ann ar cheart anailís a bheith ann ar an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta a bheadh ag ionstraim amach anseo, go háirithe ar gheilleagair fhorimeallach Bhallstáit an Aontais, lena n-airítear ar oileáin, a bhíonn ag brath go mór ar an allmhairiú. Le hionstraim a bheidh ann amach anseo ba cheart tabhairt faoi na difríochtaí i struchtúr eacnamaíoch na mBallstát agus breathnú ar na himpleachtaí maidir leis an iomaíochas i dtaca le gach Ballstát ar leith, agus é a áirithiú ag an am céanna nach méadaítear go míréireach costas maireachtála na saoránach ar bhonn suímh. D'áiritheofaí réiteach níos cothroime dá ndéanfaí sin.

## RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN, ÓN mBEILG, ÓN UNGÁIR, Ó PHOBLACHT NA SEICE

**Ráiteas comhpháirteach ón nGearmáin, ón mBeilg, ón Ungáir, ó Phoblacht na Seice**

Is de réir bhrí na gConclúidí ón gComhairle Eorpach ó mhí na Nollag 2019 a léann na Ballstáit thuasluaite an leathabairt deiridh de mhír 18 sna conclúidí atá ann faoi láthair ón gComhairle Fuinnimh. I mír 7 de Chonclúidí na Nollag, déantar tagairt don ghá bearta éifeachtacha a cheapadh a bheidh i gcomhréir le dlí EDT d'fhonn sceitheadh carbóin a chosc. Ag an am céanna, tugtar aird do rún Choimisiún an Aontais Eorpaigh sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha a thabhairt isteach le haghaidh earnálacha dianastaíochta. Creideann na Ballstáit thuasluaite gur gá ar dtús measúnú tionchar cuimsitheach a dhéanamh chomh maith le scrúdú neamhiata a dhéanamh ar na roghanna uile agus ar na bearta malartacha féideartha uile. Creideann na Ballstáit thuasluaite gur gá do na Ballstáit gach sásra féideartha a phlé lena dtabharfar cosaint ar sceitheadh carbóin d'fhonn na saincheisteanna gan réiteach a réiteach, amhail comhoiriúnacht le EDT agus féidearthacht riaracháin. Ba cheart do na rialacha a áirithiú go gcruthófaí cothroime iomaíochta don gheilleagar Eorpach, a fhad agus atá leibhéil éagsúla uaillmhéine ar fud an domhain i dtaca le beartas aeráide.